Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 33

# Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €22.519 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7.

***Aistriú feidhmeanna***

Tháinig an t-aistriú feidhmeanna i leith Aonad Iarratas Forbartha na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Vóta 33) chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i bhfeidhm ón 24 Meitheamh 2021 faoin Ordú Oidhreachta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021 (I.R. Uimh. 302 de 2021).

Tháinig an t-aistriú feidhmeanna i leith an Chiste Oidhreachta ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, (Vóta 33) i bhfeidhm ón 31 Márta 2021 faoin Ordú um an gCiste Oidhreachta (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2021 (I.R. Uimh. 185 de 2021).

Léirítear sa chuntas leithreasa, nach mór a bheith ag teacht le foirm agus formáid an mheastacháin iomchuí, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine. Mar sin, tugtar cuntas ar na feidhmeanna aistrithe go léir i gcuntas leithreasa 2021.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní oidhreachta***

Níl aon luacháil déanta ar shócmhainní oidhreachta áirithe, lena n-áirítear déantúsáin agus lámhscríbhinní.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain de réir méid cothrom. Déantar innealra agus gléasra, trealamh oifige agus TF agus troscán agus feistis a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré mheasta úsáideach, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

- innealra agus gléasra; troscán agus feistis – 10%
- trealamh oifige agus TF – 20%

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na n-oibleagáidí eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.

- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le feidhmíocht thuartha
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn, rud a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí aige agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Féachtar leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh gach treoirlíne iomchuí a chinntiú. Chomhlíon an Roinn na treoirlínte sin in 2021 seachas i gcás ceithre chonradh ar mhó a luach ná €25,000 an ceann agus ar a raibh luach iomlán €359,101. Bhain na conarthaí sin go léir le seirbhísí glantacháin agus conarthaí eile fóntas ar cuireadh síneadh i ndiaidh na tréimhse bunaidh conartha leo. Táthar i mbun na conarthaí sin a thabhairt chun rialtachta nó tá siad tugtha chun rialtachta cheana féin. De bharr go sáraíonn na conarthaí sin an tairseach tuairiscithe €25,000 faoi fhorálacha Chiorclán 40/2002, tá sonraí na gconarthaí curtha ar fáil ag an Roinn sa tuairisceán bliantúil a cuireadh ar aghaidh chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin gCiorclán.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn, rud lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú rialuithe atá sannta do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

*Socraíochtaí leis na Coimisinéirí Ioncaim*

Tar éis athbhreithniú inmheánach ag an Roinn, rinneadh nochtadh deonach neamhspreagtha do na Coimisinéirí Ioncaim agus rinneadh íocaíocht €193,601 ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2021. Bhain sé sin le cánacha párolla agus dliteanais chánach siarchoinneálaí ar sheirbhísí gairmiúla don tréimhse 2017 go 2021, agus iad ag baint go príomha le daoine arna bhfostú faoi chonarthaí seirbhíse.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe mar gheall ar thús phaindéim Covid-19 in 2020 agus is ó chian agus go fíorúil a dhéantar an obair de ghnáth anois sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Mar thoradh ar an bpaindéim, chuir an Roinn roinnt athruithe rialaithe agus athruithe nós imeachta i bhfeidhm. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, cuireadh clár rioscaí sa bhreis atá sonrach do Covid-19 i bhfeidhm chun na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne mar thoradh ar Covid-19 a shainaithint. Scoireadh den chlár ar leith sin a chothabháil tar éis ráithe 3 de 2021 agus rinneadh an breithniú ar rioscaí a bhaineann le Covid-19 a chur san áireamh sa Chlár Rioscaí caighdeánach, rud a ndéanann an Bord Bainistíochta é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil.

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

21 Meán Fómhair 2022

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo  Níl baint ná páirt agam le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

**Ath-leithdháileadh maoiniúcháin vótáilte**

I gCaibidil 4 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2021, scrúdaítear an dóigh ar comhlíonadh na nósanna imeachta le haghaidh maoiniú a ath-leithdháileadh ó fho-mhírchinn vóta i gcás gur tháinig coigilteas chun cinn, ar mhaithe leis an gcaiteachas barrachais ionchais ar fho-mhírchinn eile vóta a chlúdach.  Athbhreithníodh ath-leithdháileadh cistí áirithe i Vóta 33 mar chuid den scrúdú sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

23 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d’fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d’aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m’iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

# Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 220,930 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | 221,930 | 221,533 | 189,626 |
| B | Ealaíona agus Cultúr | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 341,285 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,037 | 347,322 | 313,254 | 242,030 |
| C | Gaeltacht | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 78,601 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,225 | 80,826 | 72,641 | 66,217 |
| D | Spórt agus Seirbhísí Áineasa | | | | |
| | *Bunaidh* | 170,433 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,630 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,000 | 213,063 | 207,370 | 203,163 |
| E | Craolachán | | 280,454 | 272,094 | 271,027 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,091,703 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,892 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,000 | | | |
| | | | **1,143,595** | **1,086,892** | **972,063** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **250,606** | **234,822** | **234,462** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 841,097 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 16,892 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,000 | | | |
| | | | **892,989** | **852,070** | **737,601** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a cuireadh i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite uile nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh nó lena caitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil de na fo-mhírchinn seo a leanas anonn go 2022: Fo-mhírchinn B.7 (€6 milliún), B.14 (€1 milliún), C.8 (€1.5 milliún), D.3 (€6 milliún) agus D.7 (€3.9 milliún).

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 40,919,030 | 49,804,346 |
| Géilleadh iarchurtha | (18,400,000) | (16,892,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **22,519,030** | **32,912,346** |

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meáin

21 Meán Fómhair 2022

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,064,724 | 950,779 |
| Pá | | 19,504 | 17,679 |
| Neamhphá | | 2,664 | 3,605 |
| **Ollchaiteachas** | | **1,086,892** | **972,063** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **234,822** | **234,462** |
| **Glanchaiteachas** | | **852,070** | **737,601** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (174) | | |
| Dímheas | 575 | 401 | (387) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | | (1,845) | (237) |
| **Caiteachas díreach** | | **850,626** | **736,977** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 13,421 | 16,649 |
| Measchíosanna | | 1,362 | 1,193 |
| **Glanchostas an chláir** | | **865,409** | **754,819** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 30 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 10,432 | 10,424 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 2,192 | 5,335 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 39 | 79 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte | 524 | 507 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 58 | 92 |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 146 | 167 |
| | | **13,421** | **16,649** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 4,160 | 10,147 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 23,185 | 20,342 |
| Stoic | 2.3 | 62 | 62 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 11,901 | 3,539 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 8,893 | 642 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **44,041** | **24,585** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 7,909 | 1,392 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 1,042 | 939 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 31,036 | 20,045 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **39,987** | **22,376** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 4,054 | 2,209 |
| **Glansócmhainní** | | **8,214** | **12,356** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **8,214** | **12,356** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh [a] | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 9,664 | 8,819 | 2,074 | 20,557 |
| Breiseanna | — | 124 | 50 | 174 |
| Suim a aistríodh chuig Vóta 34 [a] | (6,068) | (261) | — | (6,329) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 3,596 | 8,682 | 2,124 | 14,402 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 1,366 | 7,195 | 1,849 | 10,410 |
| Dímheas don bhliain | 72 | 489 | 14 | 575 |
| Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 34 | (667) | (76) | — | (743) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 771 | 7,608 | 1,863 | 10,242 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **2,825** | **1,074** | **261** | **4,160** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 8,298 | 1,624 | 225 | 10,147 |

Nóta [a] I measc na sócmhainní a aistríodh chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (DHPLG) tá ceithre fhoirgneamh ar Shráid an Mhúraigh, Baile Átha Cliath, agus roinnt sócmhainní TFC. Aistreofar sócmhainní breise TFC chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil nuair a bheidh próiseas bailíochtaithe leanúnach curtha i gcrích in 2022.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 23,016 | 20,121 |
| Iarmhéid mionairgid | 2 | 2 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála [a] | 167 | 219 |
| | **23,185** | **20,342** |

Nóta [a] Áirítear in iarmhéid 2021 an chuntais bainc tráchtála €133,512 (2020: €153,641) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht [a] | 6 | 6 |
| Ábhair inchaite threalaimh | 4 | 4 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 1 | 1 |
| Ábhair inchaite TF | 51 | 51 |
| | **62** | **62** |

Nóta [a] Mar gheall ar shrianta a bhain le paindéim Covid-19, níorbh fhéidir an stoc ábhar inchaite TF ná stoic stáiseanóireachta ag ceithre láthair amhail an 31 Nollaig 2021 a áireamh. Measadh gur garmheastachán réasúnach ar leibhéil stoic amhail an 31 Nollaig 2021 iad na figiúirí stocáirimh ag na láithreacha sin amhail an 31 Nollaig 2020.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 119 | 203 |
| Bonneagar agus forbairt cultúir | 630 | — |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 780 | 780 |
| Cathair Chultúir na hEorpa | — | 1,500 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 541 | 453 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 1,116 | 75 |
| An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010- 2030 | 389 | 329 |
| Cuntais dhíomhaoine | — | 109 |
| Ilghnéitheach | 326 | 90 |
| Ciste craolacháin | 8,000 | — |
| | **11,901** | **3,539** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 8,654 | 75 |
| Paypath | 192 | 461 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 47 | 106 |
| | **8,893** | **642** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| An Chartlann Náisiúnta | 190 | 21 |
| Bonneagar agus forbairt cultúir | 6,657 | 216 |
| Cultúr Éireann | 188 | 73 |
| Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | 205 | 48 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeilge | 504 | 152 |
| Mórimeachtaí | 111 | 736 |
| Ilghnéitheach | 54 | 146 |
| | **7,909** | **1,392** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 341 | 300 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 193 | 158 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 47 | 14 |
| Cáin bhreisluacha | 25 | 8 |
| Asbhaintí pinsin | 7 | — |
| | 613 | 480 |
| | | |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 148 | 148 |
| Eile | 281 | 311 |
| | **1,042** | **939** |

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr | 22,519 | 32,912 |
| Géilleadh iarchurtha | 18,400 | 16,892 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (9,883) | (29,759) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **31,036** | **20,045** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,185 | 20,342 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 8,893 | 642 |
| | 32,078 | 20,984 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (613) | (480) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (429) | (459) |
| | (1,042) | (939) |
| | | |
| | **31,036** | **20,045** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 12,356 | 66,107 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 892,989 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (18,400) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (22,519) | | |
| Glanvóta | | | 852,070 | 737,601 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 13,421 | 16,649 |
| Caiteachas neamhairgid - aistrithe sócmhainní seasta | 2.1 | | (5,586) | (54,375) |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,362 | 1,193 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (865,409) | (754,819) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **8,214** | **12,356** |

## 2.10 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 29,953 | 33,792 |
| Cláir deontas neamhchaipitil (b) | 28,322 | 23,911 |
| Cláir deontas caipitil (c) | 108,823 | 107,154 |
| Tionscadail chaipitil | 20,066 | 12,315 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **187,164** | **177,172** |

| **b) Cláir deontas neamhchaipitil** [a] | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 23,911 | 36,958 |
| Suim a aistríodh amach | — | (16,652) |
| Suim a aistríodh isteach | — | 8,500 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (22,287) | (30,150) |
| Ceangaltais deontas nua | 27,603 | 26,353 |
| Deontais a cealaíodh | (905) | (1,098) |
| **Iarmhéid deiridh** | **28,322** | **23,911** |

| **c) Cláir deontas caipitil** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid tosaigh | 107,154 | 41,132 |
| Suim a aistríodh amach | — | (21,406) |
| Suim a aistríodh isteach | — | 126,368 |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (29,907) | (41,237) |
| Ceangaltais deontas nua | 32,901 | 9,692 |
| Deontais a cealaíodh | (1,325) | (7,395) |
| **Iarmhéid deiridh** | **108,823** | **107,154** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **68** | **7** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár chun costais iomlána na gclár a chur i láthair.

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 20,713 | 19,504 | 17,679 |
| ii | Taisteal agus cothú | 855 | 109 | 155 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,294 | 815 | 401 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 493 | 183 | 348 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 1,760 | 1,230 | 2,143 |
| vi | Costais áitribh oifige | 572 | 327 | 362 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 340 | — | 196 |
| | | **26,027** | **22,168** | **21,284** |

### Difríochtaí suntasacha

Déantar anailís sa nóta seo a leanas ar chaiteachas riaracháin an Vóta agus tugtar breac-chuntas ann ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €885,000; toradh €109,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar leibhéil laghdaithe taistil i ngach réimse den Roinn mar gheall ar shrianta Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.294 milliún; toradh €815,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar shrianta Covid-19.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €493,000; toradh €183,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar shrianta Covid-19.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF**

*Soláthar meastacháin €1.76 milliún; toradh €1.23 milliún*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €572,000; toradh €327,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíocht phleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chiorrú mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €340,000; toradh €nialas*

Sábháladh an t-airgead seo mar thoradh ar pholasaí chun a laghad airgid agus is féidir a chaitheamh mar gheall ar bhrúnna buiséid a bhí ann agus mar thoradh ar shrianta Covid-19.

## Clár A Seirbhísí Turasóireachta

| | | | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | 1,937 | 1,765 | 1,713 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 481 | 256 | 357 |
| A.3 | Fáilte Éireann | | 121,886 | 121,886 | 81,533 |
| A.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta | | 17,003 | 17,003 | 16,239 |
| A.5 | Ciste Margaíochta na Turasóireachta | | 46,823 | 46,823 | 46,823 |
| A.6 | Forbairt an táirge turasóireachta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 32,800 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | | 33,800 | 33,800 | 42,961 |
| | | | **221,930** | **221,533** | **189,626** |

## Clár B Ealaíona agus Cultúr

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | 9,716 | 9,065 | 7,747 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,129 | 1,041 | 1,391 |
| B.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní a chruthaíonn an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | 40 | 35 | 25 |
| B.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta | | 2,066 | 1,396 | 938 |
| B.5 | Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (Nóta 7.1) | | 23,183 | 15,596 | 13,912 |
| B.6 | Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | 71,370 | 70,063 | 20,862 |
| B.7 | Bonneagar agus forbairt cultúir | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 27,100 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 6,037 | | | |
| | | | 33,137 | 14,070 | 22,458 |
| B.8 | Cultúr Éireann | | 4,600 | 2,905 | 4,368 |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 130,046 | 130,046 | 105,002 |
| B.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | 15,178 | 15,178 | 14,259 |
| B.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | 8,383 | 8,383 | 7,915 |
| B.12 | Fís Éireann | | 30,093 | 30,093 | 24,066 |
| B.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | | 11,381 | 11,381 | 10,657 |
| B.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | | 1,000 | — | 7,100 |
| B.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922 | | 5,000 | 4,002 | 1,330 |
| | | | **347,322** | **313,254** | **242,030** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €34.068 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.739 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €32.329 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**B.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta**

*Soláthar meastacháin €2.066 milliún; toradh €1.396 milliún*

Sábháladh €670,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, go príomha mar gheall ar thionchar shrianta Covid-19 ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis.

**B.5 Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford**

*Soláthar meastacháin €23.183 milliún; toradh €15.596 milliún*

Sábháladh €7.587 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar obair ollmhór a bhí de dhíth chun dul chun cinn a dhéanamh ar aistriú na Ceolfhoirne Siansaí Náisiúnta chuig an gCeoláras Náisiúnta a bheith ag tógáil níos mó ama ná mar a measadh ar dtús agus, mar thoradh air sin, níor tharla an t-aistriú in 2021.

**B.7 Bonneagar agus forbairt cultúir**

*Soláthar meastacháin €33.137 milliún; toradh €14.07 milliún*

Sábháladh €19.067 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall nár cuireadh roinnt tionscadal mórscála thar roinnt scéimeanna ar aghaidh laistigh dá n-achar ama mar gheall ar fhadhbanna éagsúla, fadhbanna a bhain le Covid-19 san áireamh.

**B.8 Cultúr Éireann**

*Soláthar meastacháin €4.6 milliún; toradh €2.905 milliún*

Sábháladh airgead toisc gur cuireadh roinnt imeachtaí idirnáisiúnta beartaithe ar ceal nó siar mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**B.14 Cathair Chultúir na hEorpa**

*Soláthar meastacháin €1 milliún; toradh €nialas*

Níor tarraingíodh anuas an soláthar €1 mhilliún in 2021 toisc gur bogadh tús tionscnamh leagáide ar aghaidh go 2022 mar gheall ar shíneadh a bheith curtha leis an mbliain teidil amach go 2021.

**B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922**

*Soláthar meastacháin €5 milliún; toradh €4.002 milliún*

Sábháladh airgead den chuid is mó mar gheall ar an tionchar a bhí ag srianta sláinte poiblí a bhí i bhfeidhm de dheasca phaindéim Covid-19 ar roinnt tionscadail a raibh tacaíocht faighte acu a sholáthar agus bhí tionchar aige sin dá réir ar chumas chomhpháirtithe agus pháirtithe leasmhara an tionscadail a leithdháileadh iomlán a tharraingt anuas in 2021.

## Clár C Gaeltacht

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | 5,152 | 4,403 | 4,336 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | | 1,567 | 773 | 1,047 |
| C.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | | 10,199 | 8,338 | 9,740 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 7,650 | 6,359 | 6,492 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | | 887 | 881 | 821 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | | 12,580 | 13,041 | 10,852 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta – caiteachas reatha cláir | | 4,750 | 4,750 | 4,250 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 14,454 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 2,225 | | | |
| | | | 16,679 | 13,980 | 13,275 |
| C.9 | Comhoibriú trasteorann | | 16,362 | 16,017 | 12,585 |
| C.10 | Próiseas pleanála teanga | | 5,000 | 4,099 | 2,819 |
| | | | **80,826** | **72,641** | **66,217** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €8.185 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.543 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €6.642 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**C.3 Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta**

*Soláthar meastacháin €10.199 milliún; toradh €8.338 milliún*

Sábháladh €1.861 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall ar mhoilleanna ar thionscadail chaipitil a chur ar aghaidh agus laghdú ar an líon iarratas a fuarthas de bharr saoráidí pobail a bheith dúnta mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**C.4 Scéimeanna tacaíochta Gaeilge**

*Soláthar meastacháin €7.65 milliún; toradh €6.359 milliún*

Sábháladh €1.291 milliún i gcomparáid leis an soláthar meastacháin den chuid is mó mar gheall nár cuireadh tionscadail chaipitil bheartaithe ar aghaidh mar a bhíothas ag súil leis mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**C.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh**

*Soláthar meastacháin €16.679 milliún; toradh €13.98 milliún*

Sábháladh €2.699 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar Covid-19 ar dhul chun cinn an chláir oibreacha caipitil. Tugadh €1.5 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2022.

**C.10 Próiseas pleanála teanga**

*Soláthar meastacháin €5 milliún; toradh €4.099 milliún*

Sábháladh €901,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an dul chun cinn ar na pleananna teanga a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

## Clár D Spórt agus Seirbhísí Áineasa

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | 2,653 | 2,807 | 2,419 |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | 640 | 267 | 344 |
| D.3 | Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 27,935 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 7,630 | 35,565 | 23,735 | 26,171 |
| D.4 | Linnte snámha | | 4,100 | — | — |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Bunaidh* | 104,510 | | | |
| | *Forlíontach* | 35,000 | | | |
| | | | 139,510 | 164,745 | 163,054 |
| D.6 | Maoiniú ó chiste na gcuntas díomhaoin do bhearta spóirt | | 10,000 | 10,000 | 7,975 |
| D.7 | Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála | | 14,600 | 417 | — |
| D.8 | Mórimeachtaí | | 5,995 | 5,399 | 3,200 |
| | | | **213,063** | **207,370** | **203,163** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €5.693 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €219,000 níos ísle ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €5.474 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**D.3 Deontas d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta**

*Soláthar meastacháin €35.565 milliún; toradh €23.735 milliún*

Braitheann íostarraingt na ndeontas faoi na babhtaí éagsúla den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt ar an éileamh atá ann. Bhí moilliú ar ghníomhaíocht tógála, gníomhaíocht a bhain le tionscadail spóirt san áireamh, sa bhliain 2021 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**D.4 Linnte snámha**

*Soláthar meastacháin €4.1 milliún; toradh €nialas*

Ní raibh aon chaiteachas ann faoin bhfo-mhírcheann seo in 2021 toisc nach raibh an deontaí i dtionscadal suntasach amháin in ann an deontas €3.8 milliún a íostarraingt toisc nár comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla an deontais go fóill, cé go bhfuil an tionscadal á thógáil faoi láthair.

**D.5 Spórt Éireann**

*Soláthar meastacháin €104.51 milliún; toradh €164.745 milliún*

Rinneadh maoiniú a aistriú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn brú a bhí ag teacht chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo mar gheall ar thionchar Covid-19 a mhaolú.

**D.7 Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála**

*Soláthar meastacháin €14.6 milliún; toradh €417,000*

Fógraíodh na chéad deontais faoin gciste nua bonneagair spóirt ar mhórscála i dtús na bliana 2020. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar dhul chun cinn na scéime sin in 2021.

**D.8 Mórimeachtaí**

*Soláthar meastacháin €5.995 milliún; toradh €5.399 milliún*

Bhí gannchaitheamh €596,000 i gceist mar gheall den chuid is mó nár tugadh an tairiscint chomhpháirteach ar Chorn Rugbaí an Domhain 2031 chun críche ar deireadh agus go raibh an caiteachas féidearthachta maidir le Corn Domhanda FIFA níos ísle ná mar a bhí measta.

## Clár E Craolachán

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 1,255 | 1,464 | 1,464 |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 497 | 327 | 466 |
| E.3 | Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin | 208,622 | 196,087 | 197,645 |
| E.4 | Íocaíocht le An Post as táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú | 12,457 | 9,885 | 10,030 |
| E.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | 40,733 | 40,733 | 39,133 |
| E.6 | An Ciste Craolacháin | 16,890 | 23,598 | 21,777 |
| E.7 | Speictream RTÉ | — | — | 512 |
| | | **280,454** | **272,094** | **271,027** |

**Difríochtaí suntasacha**
Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €8.36 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €39,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tharla an chuid eile den difríocht, mar atá €8.399 milliún, mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**E.3 Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin**

*Soláthar meastacháin €208.622 milliún; toradh €196.087 milliún*

Braitheann fáltais Táillí Ceadúnais Craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus, mar gheall air sin, tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí le RTÉ, le An Post agus leis an gCiste Craolacháin a mheas go cruinn. De bharr go raibh díolachán níos ísle maidir le táillí ceadúnais i gceist, bhí díolacháin iomlána na bliana 2021 níos ísle ná cinn na bliana 2020, agus níor bhain siad amach an sprioc. Chiallaigh sé sin go raibh titim ar an ioncam iomlán ó cheadúnais teilifíse agus bhí tionchar aige sin dá réir ar mhaoiniú ceadúnas teilifíse do RTÉ.

**E.4 Íocaíocht le An Post as táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú**

*Soláthar meastacháin €12.457 milliún; toradh €9.885 milliún*

Íoctar le An Post coimisiún ar scála aistritheach ag brath ar leibhéal dhíolacháin na dtáillí ceadúnais. Níor baineadh an sprioc díolacháin amach mar gheall ar thionchar Covid-19. Mar thoradh air sin, in éineacht le hathbhreithniú ar na híocaíochtaí coimisiúin faoin gcomhaontú seirbhíse, rinneadh íocaíocht níos lú le An Post.

**E.6 An Ciste Craolacháin**

*Soláthar meastacháin €16.89 milliún; toradh €23.598 milliún*

Rinneadh maoiniú a aistriú ó fho-mhírchinn eile le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe d'fhonn brúnna a bhí ag teacht chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo a bhain leis an gCiste Fuaime agus Físe a mhaolú.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | 300 | 341 | 332 |
| 2 | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 35 | 26 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | 636 | 895 | 970 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 2,366 | 2,728 | 2,515 |
| 5 | Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin | 10,000 | 10,000 | 7,974 |
| 6 | Fáltais phinsin Spórt Éireann | 134 | 92 | 93 |
| 7 | Táillí ceadúnais craolacháin | 237,130 | 220,731 | 222,552 |
| | **Iomlán** | **250,606** | **234,822** | **234,462** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €15.784 milliún níos lú ná an meastachán. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Measta €636,000; réadaithe €895,000*

Bhí difríocht €259,000 ann mar gheall go príomha ar fháltais phinsin ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**4 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Measta €2.366 milliún; réadaithe €2.728 milliún*

Bhí difríocht €362,000 ann mar gheall go príomha ar fháltais ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**7 Táillí ceadúnais craolacháin**

*Measta €237.13 milliún; réadaithe €220.731 milliún*

Braitheann fáltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal dhíolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí. De bharr go raibh díolachán níos ísle maidir le Táillí Ceadúnais i gceist mar thoradh ar Covid-19, bhí díolacháin iomlána na bliana 2021 níos ísle ná cinn na bliana 2020, agus níor bhain siad amach an sprioc.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 31 | 17 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 1 | 12 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí | 21 | 19 |
| Fáltas ó Archives Portal Europe network of excellence (APEX) | — | 22 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (31) | (39) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **22** | **31** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 365 | 335 |
| Gníomhaireachtaí | 1,462 | 1,320 |
| | **1,827** | **1,655** |

## 5.2 Pá

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 17,807 | 16,197 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 64 | 59 |
| Liúntais eile | 159 | 134 |
| Ragobair | 30 | 32 |
| ÁSPC an fhostóra | 1,444 | 1,257 |
| **Pá iomlán** [a] | **19,504** | **17,679** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1.

**Luach saothair gníomhaireachta** [b]

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 80,864 | 75,030 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 234 | 216 |
| Liúntais eile | 189 | 201 |
| Ragobair | 221 | 229 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,441 | 3,557 |
| **Pá iomlán** | **85,949** | **79,233** |

Nóta [b] Tá na sonraí maidir le liúntais agus ragobair agus íocaíochtaí a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe go hiomlán ar thuairisceáin a chuir na comhlachtaí/ gníomhaireachtaí sin isteach.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 | 2020 |
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 4 | 15,453 | 14,325 |
| Liúntais eile | 14 | 4 | 22,002 | 20,614 |
| Ragobair | 12 | 1 | 10,591 | 11,303 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 3 | 2 | 16,432 | 17,245 |
| **Foireann gníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 56 | 3 | 13,411 | 12,564 |
| Liúntais eile | 117 | 2 | 30,000 | 12,564 |
| Ragobair | 65 | — | 9,765 | 7,328 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 19 | — | 7,772 | 8,621 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh triúr státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €4,655. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas caiteachas €11,599 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal nó a tuarastal.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le deichniúr oifigeach a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn ar feadh na bliana 2021 ar fad nó ar feadh cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais a d’íoc na hoifigigh sin go díreach.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon na bhfaighteoirí | 2021 € | 2020 € |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 19 | 63,983 | 51,787 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 1 | 1,383 | 1,426 |

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus t-olltuarastal bliantúil €192,474 ag baint leis an ról (€190,568 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an Roinn sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | fostaithe | daoine den phobal | 2021 | 2020 |
| Líon cásanna | — | — | — | 3 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Roinne féin | — | — | — | 7 |
| **Íocaíochtaí a rinne an Roinn nó a rinneadh thar a ceann** | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | — |
| Costais dlí | — | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán 2021** | — | — | — | **7** |
| Iomlán 2020 | 1 | 6 | 7 | |

### 6.2 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Meastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann** | | | | |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 130,046 | 130,046 | 105,002 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 7,650 | 6,359 | 6,492 |
| D.3 | Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta | 35,565 | 23,735 | 26,171 |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 139,510 | 164,745 | 163,054 |
| | | **312,771** | **324,885** | **300,719** |

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 agus faoi fho-mhírcheann D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

## 6.3 Géilleadh iarchurtha

Tá an géilleadh iarchurtha don bhliain 2021 comhdhéanta de choigilteas €18.4 milliún i gcaiteachais chaipitil sna fo-mhírchinn seo a leanas, rud a tugadh ar aghaidh go dtí an bhliain 2022.

| | | **€000** |
|---|---|---|
| **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:** | | |
| B.7 | Bonneagar agus forbairt cultúir | 6,000 |
| B.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | 1,000 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | 1,500 |
| D.3 | An clár caipitil agus trealaimh spóirt | 6,000 |
| D.7 | Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála | 3,900 |
| | | **18,400** |

## Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

### 7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (Fo-mhírcheann B.5)

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 6,410 | 6,014 |
| Leabharlann Chester Beatty | 3,216 | 2,837 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 4,237 | 3,562 |
| Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh | 1,733 | 1,499 |
| | **15,596** | **13,912** |

### 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815-1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 148 | 156 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | (8) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **148** | **148** |

### 7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Gaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2001, agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | 173 | 187 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | 4 | 4 |
| Ús a díscríobhadh | — | (6) |
| Aisíocaíochtaí príomhshuime | (1) | (5) |
| Íocaíochtaí úis | — | (7) |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **176** | **173** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léirítear ann, amhail deireadh mhí an Mhárta 2022, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta dheireanacha agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste Roinne | An tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchta | An dáta a fuair an tAire/ Roinn í | An dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| Áras Nua-Ealaíne na hÉireann | 2020 | 30 Mei 2021 | 20 Iúi 2021 | 18 Ean 2022 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2020 | 15 MF 2021 | 23 MF 2021 | 9 Nol 2021 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2020 | 11 Mei 2021 | 14 MF 2021 | 20 Nol 2021 |
| Gailearaí Ealaíne Crawford | 2020 | 30 Mei 2021 | 14 Iúi 2021 | 8 DF 2021 |
| An Chomhairle Ealaíon | 2020 | 30 Iúi 2021 | 1 MF 2021 | 12 Sam 2021 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | 2020 | 30 Mei 2021 | 7 Iúi 2021 | 25 Ean 2022 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 2020 | 13 DF 2021 | 30 Sam 2021 | 9 Nol 2021 |
| Fís Éireann | 2020 | 8 Sam 2021 | 19 Sam 2021 | 9 Fea 2022 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 2020 | 23 Sam 2021 | 2 Fea 2022 | 9 Fea 2022 |
| Údarás na Gaeltachta | 2020 | 22 Nol 2021 | 21 Fea 2022 | — |
| An Foras Teanga | 2019 | 29 Aib 2021 | 6 Bea 2021 | 19 Sam 2021 |
| An Coimisinéir Teanga | 2020 | 16 Nol 2021 | 21 Nol 2021 | 3 Már 2022 |
| Fáilte Éireann | 2020 | 30 Mei 2021 | 7 DF 2021 | 16 Nol 2021 |
| Spórt Éireann | 2020 | 10 Sam 2021 | 12 Sam 2021 | 4 Fea 2022 |
| Turasóireacht Éireann | 2020 | 14 DF 2021 | 30 Sam 2021 | 16 Nol 2021 |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | 2020 | 30 Mei 2021 | 2 Iúi 2021 | 6 DF 2021 |
| Raidió Telefís Éireann | 2020 | 29 Aib 2021 | 30 Aib 2021 | 17 Iúi 2021 |
| Teilifís na Gaeilge | 2020 | 29 Mei 2021 | 29 Mei 2021 | 6 DF 2021 |